Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 25 Lúnasa 2026**
**(OR. en)**

**12510/26**

**DELACT 133**
**PECHE 318**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2026) 5667 final |
| Ábhar: | RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN an 6.8.2026 lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le bearta teicniúla sonracha le haghaidh deargán (*Pagellus bogaraveo*) i bhfolimistéir 6 go 8 de CITM |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2026) 5667 final.

---

Faoi iamh: C(2026) 5667 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 6.8.2026
C(2026) 5667 final

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 6.8.2026**

**lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le bearta teicniúla sonracha le haghaidh deargán (*Pagellus bogaraveo*) i bhfolimistéir 6 go 8 de CITM**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Le Rialachán (AE) 2019/1241[1] bunaítear creat le haghaidh bearta teicniúla a bhaineann le gníomhaíochtaí iascaireachta in uiscí an Aontais. De réir Airteagal 3(1) den Rialachán sin, ba cheart rannchuidiú leis an gcreat sin le baint amach na gcuspóirí a leagtar amach in Airteagal 2 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013[2] maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena n-áirítear iascaireacht a dhéanamh ar leibhéil uastáirgeachta inbhuanaithe, gabhálacha de thaisme a laghdú agus deireadh a chur le hábhar muirí aischurtha, agus rannchuidiú leis an dea-stádas comhshaoil a bhaint amach sa mhuirthimpeallacht mar a leagtar amach in Airteagal 1(1) de Threoir 2008/56/CE[3].

Foráiltear le hAirteagal 18(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 go bhféadfaidh na Ballstáit sin a bhfuil leas díreach bainistíochta acu agus a ndéanann beart caomhnaithe de chuid an Aontais difear dóibh moltaí comhpháirteacha a chur isteach chun a n-oibleagáidí faoi reachtaíocht chomhshaoil an Aontais a chomhlíonadh agus chun cuspóirí na bpleananna ilbhliantúla a bhaint amach, lena n-áirítear Rialachán (AE) 2019/472[4] lena mbunaítear plean ilbhliantúil um Uiscí an Iarthair, nó pleananna um ábhar muirí aischurtha arna nglacadh faoi na pleananna ilbhliantúla sin.

Le hAirteagal 15(2) de Rialachán (AE) 2019/1241, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, ar bhonn moltaí comhpháirteacha den sórt sin, chun sainiúlachtaí réigiúnacha an iascaigh ábhartha a chur san áireamh, trí na bearta teicniúla a leagtar amach sna hIarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán sin a leasú, a fhorlíonadh nó a aisghairm, nó trí na bearta teicniúla sin a mhaolú, faoi réir na gcoinníollacha a leagtar amach in Airteagal 29 den Rialachán sin agus in Airteagal 18 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013. Ina theannta sin, le hAirteagal 2(2) de Rialachán (AE) 2019/1241, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh lena bhforáiltear go mbeidh feidhm freisin ag bearta teicniúla áirithe, dá dtagraítear in Airteagal 13 den Rialachán sin nó i gcodanna A nó C d'Iarscríbhinní V go X a ghabhann leis, maidir le hiascach áineasa.

---

[1] Rialachán (AE) 2019/1241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le hacmhainní iascaigh a chaomhnú agus éiceachórais mhuirí a chosaint trí bhearta teicniúla, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1967/2006 agus (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus Rialacháin (AE) Uimh. 1380/2013, (AE) 2016/1139, (AE) 2018/973, (AE) 2019/472 agus (AE) 2019/1022 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 894/97, (CE) Uimh. 850/98, (CE) Uimh. 2549/2000, (CE) Uimh. 254/2002, (CE) Uimh. 812/2004 agus (CE) Uimh. 2187/2005 ón gComhairle (IO L 198, 25.7.2019, lch. 105, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/1241/oj).

[2] Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1954/2003 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2371/2002 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle (IO L 354, 28.12.2013, lch. 22, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/1380/oj).

[3] Treoir 2008/56/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Meitheamh 2008 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais comhshaoil mhuirí (An Treoir Réime um Straitéis Mhuirí) (IO L 164, 25.6.2008, lch. 19, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2008/56/oj).

[4] Rialachán (AE) 2019/472 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Márta 2019 lena mbunaítear plean ilbhliantúil do stoic a dhéantar a iascach in Uiscí an Iarthair agus sna huiscí máguaird agus d'iascaigh a shaothraíonn na stoic sin, lena leasaítear Rialacháin (AE) 2016/1139 agus (AE) 2018/973 agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 811/2004, (CE) Uimh. 2166/2005, (CE) Uimh. 388/2006, (CE) Uimh. 509/2007 agus (CE) Uimh. 1300/2008 ón gComhairle (IO L 83, 25.3.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/472/oj).

Tá an Rialachán seo bunaithe ar thograí i moladh comhpháirteach arb é is aidhm dó Iarscríbhinní VI agus VII a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1241 a leasú a mhéid a bhaineann le bearta teicniúla sonracha le haghaidh deargán (*Pagellus bogaraveo*) i bhfolimistéir 6 go 8 den Chomhairle Idirnáisiúnta um Thaiscéalaíocht na Mara (CITM) (an Mhuir Cheilteach, Muir nIocht agus Bá na Bioscáine), agus a bhfuil feidhm le bheith acu maidir le hiascach tráchtála agus iascach áineasa. Dá bhrí sin, chun an Rialachán seo a ghlacadh, is gá dhá chumhachtú ar leithligh a úsáid, dá bhforáiltear in Airteagal 2(2) agus in Airteagal 15(2) de Rialachán (AE) 2019/1241, ar cheart, i bprionsabal, aghaidh a thabhairt orthu le gníomhartha reachtacha ar leithligh. Mar sin féin, i gcás na mbeart sin uile, tá nasc substainteach idir na cumhachtuithe agus, dá bhrí sin, féadfar iad a chuachadh, i gcomhréir le pointe 31 de Chomhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr[5]. Go deimhin, is é is aidhm do na bearta sin uile rannchuidiú le caomhnú acmhainní iascaireachta i réigiún ar leith, moltar iad uile san aon mholadh comhpháirteach amháin arna chur isteach ag na Ballstáit a bhfuil leas díreach bainistíochta acu sa réigiún céanna, agus tá siad uile dírithe ar iarscríbhinní a ghabhann leis an ngníomh reachtach céanna a leasú.

## 2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

An 3 Iúil 2026 chuir Grúpa Réigiúnach Bhallstáit Uiscí an Iardheiscirt (an Bheilg, an Spáinn, an Fhrainc, an Ísiltír agus an Phortaingéil) agus Grúpa Réigiúnach Bhallstáit Uiscí an Iarthuaiscirt (an Bheilg, Éire, an Spáinn, an Fhrainc agus an Ísiltír) moladh comhpháirteach isteach inar moladh síneadh a chur go dtí an 31 Nollaig 2027 leis na bearta a raibh feidhm acu maidir le deargáin (*Pagellus bogaraveo*) i bhfolimistéir 6 go 8 de CITM, a bhaineann le hiascach tráchtála agus le hiascach áineasa, ó bhí mí Iúil 2022 ann. Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/56 ón gCoimisiún[6] leasaíodh Rialachán (AE) 2019/1241 chun na bearta sin a chuimsiú in Iarscríbhinní VI agus VII, agus le Rialacháin Tharmligthe (AE) 2024/491[7], (AE) 2024/3204[8], arna leasú le (AE) 2025/1726[9], agus (AE) 2025/2192 ón gCoimisiún[10] cuireadh síneadh leis na bearta sin go dtí an 31 Nollaig 2024, 2025 agus 2026 faoi seach. Ar na bearta sin, tá: (i) íosmhéid tagartha caomhnaithe le haghaidh deargán i bhfolimistéir 6 go 8 de

[5] Comhaontú Idirinstitiúideach idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr (IO L 123, 12.5.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_interinstit/2016/512/oj).

[6] Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/56 ón gCoimisiún an 19 Iúil 2022 lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le bearta teicniúla sonracha le haghaidh deargán (*Pagellus bogaraveo*) i bhfolimistéar 6 go 8 ICES (IO L 5, 6.1.2023, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2023/56/oj).

[7] Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/491 ón gCoimisiún an 30 Samhain 2023 lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le síneadh a chur le bearta teicniúla sonracha le haghaidh deargán (*Pagellus bogaraveo*) i bhfolimistéir 6 go 8 ICES (IO L 2024/491, 13.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2024/491/oj).

[8] Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/3204 ón gCoimisiún an 11 Deireadh Fómhair 2024 lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis an mbreallach féithghearr agus leis an deargán (IO L, 2024/3204, 31.12.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2024/3204/oj).

[9] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/1726 ón gCoimisiún an 27 Meitheamh 2025 lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1241 a mhéid a bhaineann le ceartú raon feidhme críochach na bhforálacha a bhaineann leis an mbreallach féithghearr agus leis an deargán (IO L, 2025/1726, 30.10.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/1726/oj).

[10] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/2192 ón gCoimisiún an 6 Lúnasa 2025 lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le bearta teicniúla sonracha le haghaidh deargán (*Pagellus bogaraveo*) i bhfolimistéir 6 go 8 de CITM (IO L, 2025/2192, 29.10.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/2192/oj).

CITM; (ii) iaimh le haghaidh soithí atá faoi bhratach na Fraince sna limistéir sin ón 1 Eanáir go dtí an 30 Meitheamh; agus (iii) i gcás iascach tráchtála, iamh ar bhonn séasúrach, agus i gcás iascach áineasa, iamh ar feadh na bliana i limistéir gheografacha shonracha i bhfolimistéar 8 de CITM.

Ós rud é: (i) gurb ionann na bearta i moladh comhpháirteach an 3 Iúil 2026 agus na bearta a raibh feidhm acu maidir leis an deargán ó bhí mí Iúil 2022 ann, ar tháinig CETEI[11] ar an gconclúid ina leith go bhféadfadh siad gabhálacha deargán a laghdú, agus dá bhrí sin go rannchuidíonn siad le baint amach na gcuspóirí a leagtar amach in Airteagal 2 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013; (ii) go bhfuil na sonraí maidir leis an stoc sin fós gann agus gur eisigh CITM comhairle lena moltar gabháil nialasach le haghaidh 2027[12]; agus (iii) go bhfuil na bearta fós níos déine ná na bearta bonnlíne a raibh feidhm acu maidir le deargáin i bhfolimistéir 6 go 8 de CITM sular glacadh Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/56 ón gCoimisiún, measann an Coimisiún go gcomhlíontar na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 15(4) de Rialachán (AE) 2019/1241.

Chuathas i gcomhairle leis an nGrúpa Saineolaithe um Iascach agus Dobharshaothrú an 10 Iúil 2026.

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

### Achoimre ar an ngníomhaíocht

Leis an ngníomh tarmligthe, leasaítear Iarscríbhinní VI agus VII a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1241 trí shíneadh a chur leis na bearta atá ann cheana le haghaidh deargán go dtí an 31 Nollaig 2027.

### Bunús dlí

Airteagal 2(2) agus Airteagal 15(2) de Rialachán (AE) 2019/1241.

[11] https://publications.jrc.ec.europa.eu/repository/handle/JRC126128.

[12] CITM. 2026. An deargán (*Pagellus bogaraveo*) i bhfolimistéir 6-8 (an Mhuir Cheilteach, Muir nIocht, agus Bá na Bioscáine), https://doi.org/10.17895/ices.advice.30932393

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 6.8.2026**

**lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le bearta teicniúla sonracha le haghaidh deargán (*Pagellus bogaraveo*) i bhfolimistéir 6 go 8 de CITM**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/1241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le hacmhainní iascaigh a chaomhnú agus éiceachórais mhuirí a chosaint trí bhearta teicniúla, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1967/2006 agus (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus Rialacháin (AE) Uimh. 1380/2013, (AE) 2016/1139, (AE) 2018/973, (AE) 2019/472 agus (AE) 2019/1022 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 894/97, (CE) Uimh. 850/98, (CE) Uimh. 2549/2000, (CE) Uimh. 254/2002, (CE) Uimh. 812/2004 agus (CE) Uimh. 2187/2005 ón gComhairle[1], agus go háirithe Airteagal 2(2) agus Airteagal 15(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2019/1241 leagtar síos bearta teicniúla sonracha le haghaidh uiscí an Aontais. Déantar foráil in Iarscríbhinn VI a ghabhann leis maidir le bearta teicniúla áitiúla in Uiscí an Iarthuaiscirt agus in Iarscríbhinn VII maidir le hUiscí an Iardheiscirt.

(2) Le hAirteagal 18(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2] foráiltear go bhféadfaidh na Ballstáit sin, a bhfuil leas díreach bainistíochta acu i mbearta caomhnaithe de chuid an Aontais a bhfuil feidhm acu maidir le réigiún geografach ar leith, moltaí comhpháirteacha a chur isteach chun cuspóirí na mbeart sin a bhaint amach.

(3) An Bheilg, an Spáinn, an Fhrainc, an Ísiltír agus an Phortaingéil, ('Grúpa Réigiúnach Bhallstáit Uiscí an Iardheiscirt') agus an Bheilg, an Spáinn, an Fhrainc, Éire agus an Ísiltír ('Grúpa Réigiúnach Bhallstáit Uiscí an Iarthuaiscirt'), tá leas díreach bainistíochta iascaigh acu in Uiscí an Iardheiscirt agus Uiscí an Iarthuaiscirt faoi seach.

(4) An 3 Iúil 2026 chuir Grúpa Réigiúnach Bhallstáit Uiscí an Iardheiscirt agus Grúpa Réigiúnach Bhallstáit Uiscí an Iarthuaiscirt moladh comhpháirteach isteach inar moladh síneadh a chur go dtí an 31 Nollaig 2027 leis na bearta a raibh feidhm acu ó bhí mí Iúil 2022 ann maidir le deargáin (*Pagellus bogaraveo*) i bhfolimistéir 6 go 8 de

[1] IO L 198, 25.7.2019, lch. 105, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/1241/oj.

[2] Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1954/2003 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2371/2002 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle (IO L 354, 28.12.2013, lch. 22), ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/1380/oj

CITM, ar bearta iad a bhaineann le hiascach tráchtála agus áineasa. Ar na bearta sin atá beartaithe, tá: (i) íosmhéid tagartha caomhnaithe 36 cm le haghaidh deargán i gcás iascach tráchtála i bhfolimistéir 6 go 8 de CITM; (ii) iamh le haghaidh soithí atá faoi bhratach na Fraince sna limistéir sin ón 1 Eanáir go dtí an 30 Meitheamh; agus (iii) iamh ar bhonn séasúrach le haghaidh iascach tráchtála agus iamh ar feadh na bliana le haghaidh iascach áineasa i limistéir gheografacha shonracha i bhfolimistéar 8 de CITM.

(5) Chuathas i gcomhairle leis an nGrúpa Saineolaithe um Iascach agus Dobharshaothrú an 10 Iúil 2026.

(6) Rinne an Coiste Eolaíoch, Teicniúil agus Eacnamaíoch um Iascach (‘CETEI’) measúnú in 2021 ar na bearta a raibh feidhm acu maidir leis an deargán ó bhí mí Iúil 2022 ann agus tháinig sé ar an gconclúid go bhféadfaidís gabhálacha deargán a laghdú, agus dá bhrí sin go rannchuidíonn siad le baint amach na gcuspóirí a leagtar amach in Airteagal 2 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013.

(7) Toisc na conclúide sin ó CETEI ar an gcéad dul síos, na sonraí maidir leis an stoc sin a bheith fós gann agus na comhairle lena moltar gabháil nialasach le haghaidh 2027 a bheith eisithe ag CITM ar an dara dul síos agus go bhfuil na bearta lena mbaineann níos déine ná na bearta bonnlíne a raibh feidhm acu maidir le deargáin i bhfolimistéir 6 go 8 de CITM sular glacadh na bearta a bhfuiltear ag iarraidh síneadh a chur leo ar an tríú dul síos, measann an Coimisiún go gcomhlíontar na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 15(4) de Rialachán (AE) 2019/1241.

(8) Maidir leis an dá chumhachtú dá bhforáiltear in Airteagal 2(2) agus in Airteagal 15(2) de Rialachán (AE) 2019/1241 le haghaidh iascach áineasa agus iascach tráchtála faoi seach, ar cumhachtuithe iad ar a bhfuil an Rialachán seo bunaithe, tá siad nasctha go substaintiúil, le haghaidh na mbeart sin uile, de réir bhrí phointe 31 de Chomhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr[3]. Go deimhin, is é is aidhm do na bearta teicniúla sin uile rannchuidiú le caomhnú acmhainní iascaireachta i réigiún ar leith, moltar iad uile san aon mholadh comhpháirteach amháin arna chur isteach ag na Ballstáit a bhfuil leas díreach bainistíochta acu sa réigiún céanna, agus tá siad uile dírithe ar iarscríbhinní a ghabhann leis an ngníomh reachtach céanna a leasú.

(9) Ós rud é go bhfuil tionchar díreach ag na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo ar phleanáil an tséasúir iascaireachta le haghaidh shoithí an Aontais agus ar na gníomhaíochtaí eacnamaíocha a bhaineann leo, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm a luaithe is féidir.

(10) Ós rud é go rachaidh na bearta a bhfuil síneadh le cur leo in éag an 31 Nollaig 2026, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo ón 1 Eanáir 2027 chun leanúnachas dlí a áirithiú.

(11) Leis na bearta a thugtar isteach leis an Rialachán seo is infheidhme maidir le huiscí an Aontais, saothraítear na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 494(1) agus (2) den Chomhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine

[3] Comhaontú Idirinstitiúideach idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr (IO L 123, 12.5.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_interinstit/2016/512/oj).

Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile[4] agus tabharfar aird ar na prionsabail dá dtagraítear in Airteagal 494(3) den Chomhaontú sin. Tá siad gan dochar d'aon bheart is infheidhme in uiscí Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann.

(12) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) 2019/1241 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Bearta teicniúla le haghaidh deargán (*Pagellus bogaraveo*) i bhfolimistéir 6 go 8 de CITM**

Leasaítear Iarscríbhinní VI agus VII a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1241 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

**Teacht i bhfeidhm agus an tréimhse cur i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2027 go dtí an 31 Nollaig 2027.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach sna Ballstáit uile.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 6.8.2026

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*

[4] An Comhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile (IO L 149, 30.4.2021, lch. 10, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2021/689(1)/oj).